Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Feabhra 2023
(OR. en)

6353/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0001 (NLE)**

CORDROGUE 6
SAN 69
RELEX 194

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 66ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971<br>– *Glacadh* |

1. Is iad Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 (dá ngairtear 'na Coinbhinsiúin' anseo feasta) na príomhchonarthaí idirnáisiúnta rialaithe drugaí, mar aon le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha 1988.

2. Ceanglaítear ar na Stáit is páirtithe sna Coinbhinsiúin a áirithiú go gcuirtear na bearta rialaithe éigeantacha i bhfeidhm maidir leis na substaintí a liostaítear sna Sceidil atá i gceangal leis na Coinbhinsiúin. Is é cuspóir an liostaithe seo úsáid na ndrugaí sin a rialú agus a theorannú de réir aicmiú a luacha theiripigh, an riosca go mbainfear mí-úsáid astu agus contúirtí sláinte, agus íoslaghdú a dhéanamh ar atreorú ceimiceán réamhtheachtach chuig monaróirí drugaí mídhleathacha.

3. Is é an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a dhéanann cinntí chun raon feidhme an rialaithe ar shubstaintí a athrú, trí chinntí athruithe áirithe a dhéanamh ar Sceidil na gCoinbhinsiún, ar bhonn moltaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte.

4. Ag an 66ú seisiún a bheidh aige, a thionólfar ón 13 go dtí an 17 Márta 2023 i Vín, tá an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha le cinntí a ghlacadh maidir le sceidealú substaintí faoi na Coinbhinsiúin.

5. An 3 Eanáir 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 66ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoi na Coinbhinsiúin (5039/23 + ADD 1).

6. Rinneadh anailís ar an togra ón gCoimisiún ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí an 10 Eanáir agus an 7 Feabhra 2023. D'fhormhuinigh an Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí an togra athbhreithnithe, mar a leagtar amach in 5123/1/23 REV 1 é, an 7 Feabhra 2023.

**7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an Cinneadh ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 6157/23 é, maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 66ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo.**